# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille
Ros a' Mhíl

# Nollaig 2024

## Fáilte!

Fáilte mhór roimh ár ngasúir nua!




Thosaigh Chloe, Pádraig, Jaimee, Dylan, Ríona agus Feidhlim le Múinteoir Síle i Naíonáin Bheaga.



Thosaigh Max i Rang a 2 i Rang na nGleoteoga.

## Bliots Tag Rugbaí 13/9/24



Bhí bliots rugbaí ag Rang a 3-6 i Scoil Chuimsitheach Chiaráin. Bhí sé eagraithe ag An Ghaeltacht Rugbaí agus bhí go leor scoileanna eile ann. Bhí 8 gcluiche ag na gasúir agus rinne siad thar cionn!

## Tras Tíre 24/9/24



Chuaigh Rang 3 – Rang 6 isteach ag na rásaí tras tíre a bhí ar súil sa Rinn Mhór. Bhí rás do chailíní R3/4 ansin do bhuachaillí R3/4 a bhí thart ar 1000m. Bhí an rás do chailíní R5/6

agus rás do bhuachaillí R5/6 thart ar 1200m. Rinne siad uilig iarracht iontach. Fuiar chuile dhuine teastas. Maith sibh a ghasúir!!!

## Gairdín Bhríde 25/9/24 & 1/10/24



Chuaigh an scoil uilig thar dhá lá chuig Gairdín Bhríde ag breathnú ar na hathraithe Fómhar. Bhí an-la acu!



## Seachtain Mata 14/10/24-18/10/24



Ghlac muid páirt sa seachtain mata arís i mbliana. Bhí na gasúir gnóthach ag comhaireamh, ag tomhas agus ag obair le chéile ag oibriú amach fadhbanna mata. Bhí an-seachtain acu!

## Bliots Peile 15/10/24



Chuaigh Rang a 3- Rang a 6 chuig Ros Muc chun bliots peile a imirt. Bhí chúig scoil ann uilig. Bhain na gasúir an-sult as an lá!



## Bronnadh Teastas Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta 21/10/24




Bhí bronnadh Teastas Scéim Aitheantas Scoileanna Gaeltachta ar an scoil in Óstán Chois Fharraige. Chuaigh beirt as Rang a Sé – Ruadhán agus Eibhlín chun glacadh leis an ngradam.

## Stáisiúin na Samhna 24/10/24



Tháinig an Naíonra chuig an scoil chun Oíche Shamhna a cheilúradh linn. Bhí go leor spórt is spraoi againn ag imirt cluichí, ag déanamh ealaíne agus ag cócaireacht.  Bhí na gasúir gléasta suas agus bhí seó faisín againn!

## SCC Rás 5K 25/10/24



Chuaigh Rang 4, 5 agus 6 chuig Scoil Chuimsitheach Chiaráin le Rás 5k a dhéanamh. Bhí go leor bunscoileanna eile ann agus bhí neart spraoi acu…… agus seacláid the is brioscaí!

## Bailiúchán do Phobal Siomón na Gaillimhe

Tháinig Carol isteach ó Phobal Siomón na Gaillimhe chun labhairt le na gasúir agus míniú dúinn cé chomh tábhachtach agus atá an feachtas seo.



Míle buíochas as an méid bia agus earraí a tháinig isteach agus as ucht an tacaíocht a thugann sibh linn i gcónaí.

## RNAG sa Scoil 9/12/24

Bhí an clár Iris Aníar ag craoladh beo ón scoil. Bhí an t-iriseoir Mícheál Ó Tuathaill ag caint le na gasúir faoin Nollaig agu le na múinteoirí faoin scoil. Bhí na gasúir ag casadh carúil na Nollag, ag seinm ceoil agus ag déanamh píosa beag ó Dhráma na Nollag dóibh. Tháinig Daidí na Nollag ag a deireadh agus bhí treat beag aige do na gasúir!



## Dráma na Nollag 12/12/24



Bhí Dráma na Nollag againn sa séipéal. Bhí Mr & Mrs Claus, Rudolf, Fear Sneachta, Elfeanna, Béiríní Bána, na hAingle na Trí Rí, na hAoirí , Muire, Iosaef, Mná Tí, Fir Tí, Gasúir Nollag agus na Scéalaí ann. Bhí oíche

fíor speisialta againn, lán le ceol, scéal agus píosa craic.

*Go mbeirimid beo ag an ám seo arís*

## Lá Geansaithe Nollag/ Pitseamaí 13/12/24

GALWAY HOSPICE FOUNDATION

Bhí lá le Geansaithe Nollag/ Pitseamaí againn agus muid ag bailiú airgid ar son Ospís na Gaillimhe. Míle buíochas! Bhailigh muid €158.



## Stáisiúin na Nollag 17/12/24

Bhí an Naíonra linn arís chun stáisiúin na Nollag a dhéanamh. Rinne na gasúir brioscaí agus cácaí Nollag, ealaín na Nollag agus bhí cluichí beaga acu. Bhí an-spraoi ag na gasúir le chéile!



## Pictiúrlann 19/12/24



Chuaigh an scoil uilig chuig an pictiúrlann chun The Magic Reindeer a fheiceáil. Bhí popcorn agus deoch acu. Bhain na gasúir an-sult as an lá.

Nollaig Shona

*Bíodh Nollaig iontach agaibh go léir!*

*Foireann na Scoile*

## Athoscailt na Scoile 6/1/25